

Samhradh 2016



Tá scoilbhliain eile beagnach imithe anois agus daltaí Mheánscoil Gharman ag tnúth go mór le laethanta saoire an tSamhraidh. Chuireamar isteach bliain eile an-mhaith a bhuí leis an obair chrua go léir a bhí ar siúl.

Tharla iliomad imeachtaí éagsúla i rith na bliana ón "Lá i 1916" go dtí "Oíche na gCon" ina raibh pobal na meánscoile ag obair le chéile ar mhaithe leis an gcultúr agus ár dteanga náisiúnta a chur chun cinn i measc phobail an Chontae. Ná déanaimis dearmad ach oiread ar Cheolchoirm Junk Koutureat, an turas go dtí an Iodáil agus an ceann go Búcairist, Tráth na gCeist, Scléip agus na himeachtaí go léir a bhí ar siúl ag an Idirbhliain.

Gabhaim buíochas leis na múinteoirí as an obair chrua a dhéanann siad i gcónaí, leis na tuismitheoirí a thugann tacaíocht don scoil agus dá bpáistí agus leis na daltaí as an iarracht a chuireann siad isteach chun an Ghaeilge a neartú i Loch Garman.

Guím gach rath ar na daltaí i mbliain 6 agus 3 a bheidh ag tabhairt faoi na Scrúduithe Stáit go luath. Tá súil agam go n-éireoidh go maith leo agus go mbeidh siad sásta leis na torthaí nuair a thagann siad amach san Fhómhar.

Bíodh samhradh sábháilte, sona agaibh go léir agus le cúnamh Dé beidh an aimsir go maith!

Rith 2016



Rang Ceoil i gColáiste na Tríonóide



Lá i 1916



Iarsmalann na bPiarsach



Creative Engagement



Creative Engagement



Fuair an scoil deontas ó 'Creative Engagement' i mbliana agus rinneamar ceardlann le 'Bevel Furniture and Woodworking School'. D'fhoghlaim muid conas cathaoireacha agus boird a dhéanamh. Scar an rang in dhá leath agus d'fhreastail an chéad ghrúpa ar an scoil i Fethard ar feadh lá amháin chun tús a chur leis an obair. Chuaigh an leath eile ar feadh dhá lá chun na boird a dhéanamh. Bhí seans againn úsáid a bhaint as na meaisíní go léir agus scileanna nua a fhoghlaim. Bhí am den scoth againn.

AIB The Ritz Bank

I mí Feabhra chuaigh The Ritz Bank chuig an gcraobh réigiúnach i mBaile na Lobhar. D'éirigh go maith linn sna hagallaimh leis na moltóirí agus roghnaíodh muid mar cheann de na hocht foirne is fearr ann. Mar sin chuamar ar aghaidh go dtí an leath-chraobh ar an lá. Thug Abbie óráid iontach ar obair an bhainc le linn na bliana ar fad. Faraor géar níor éirigh linn dul ar aghaidh go dtí an Craobh Náisiúnta ach bhaineamar an taitneamh as an gcomórtas agus a bheith ar fhoireann na scoile i mbliana. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Deirdre Newe ó AIB Inis Córthaidh a chabhraigh linn i rith na bliana!



An Coiste Gaeilge

Tháinig beirt bhall ó Conradh na Gaeilge go dtí an scoil agus chuir siad

agallamh ar an gcoiste i Mí an Mhárta. Bhí an-áthas ar bhaill an Choiste Gaeilge nuair a fuair siad amach ó Conradh na Gaeilge go raibh an Ghaelbhratach bainte amach acu i mbliana arís.

Thóg baill Chonradh na Gaeilge fillteán an choiste leo agus d'fhéach siad ar bhlag na scoile. Tar éis dianstaidéar a dhéanamh ar obair an choiste chun Gaeilge a spreagadh sa scoil, rinne siad an cinneadh chun an bhratach a bhronnadh orthu arís. Chuaigh siad go searmanas i gColáiste Phádraig i mBaile Átha Cliath i Mí an Mhárta agus bhronn Eoghan Mc Dermott agus Blathnaid Ní Chofaigh an bhratach ar Rebecca Carter agus Luke Redmond. Bhí céilí acu leis na scoileanna eile agus bhí ceoltóirí ag seinm chomh maith. Bhain gach duine sult as.

YSI

Is é an rud atá i gceist le YSI ná go dtugann sé seans do dhaltaí fadhb a thugann said faoi deara sa saol a réiteach. An fhadhb a phiocamar ná na deacrachtaí a bhíonn ag páistí de bharr go mbíonn a dtuistí ag ól. Tháinig staitistic amach i mbliana a dúirt go mbíonn duine amháin as gach deichniúr ag fulaingt da bharr a dtuistí ag ól. Chiollaíonn sé sin go mbeadh 3 as ár rang ag fulaingt.

Shocraíomar ar fhís dhuaisleáin a chruthú. The Dizzy Dip Challenge. Anuas air sin chuamar go dtí na YSI Dragons chun airgead a fháil le haghaidh clár fógra a chur in Inis Cortaidh. D'éirigh linn agus fuairamar 1500 euro, an méid is mó a thug said amach ar an lá sin. Bhíomar an bhródúil as an éacht agus da bharr na hoibre sin, d'éirigh linn dul go dtí Craobh

YSI. *le Joe Harris*

An Iodáil

Chuaigh daltaí ón idirbhliain, cúigiú agus an seú bliain chuig an Iodáil i mí Feabhra. Chaitheamar dhá lá sa Róimh agus 3 lá i bhFlorans. Bhí an aimsir go hálainn sa Róimh. Chuamar go dtí an Vatican, an Colloseum agus rinneamar turas siúlóide timpeall na Róimhe. Thug sé seans dúinn cultúr na hIodáile a fheiceáil. Shroicheadar Florans sa bháisteach i ndiaidh cúig uair a chaitheamh ar an mbus. Bhí turas siúlóide eile againn, chuamar go dtí dánlann Uifizzi agus an Acadamia. Chonaiceamar an dealbh 'Dáiví' san Acadamia. Bhí an bia ar fheabhas agus bhí atmaisféar iontach ann i rith an turais ar fad. Bhain gach duine taitneamh as an turas. *le Róisín de Rúit*



Londain



Búcairist




Ag deireadh mhí Aibreáin, chuaigh 12 daltaí ón idirbhlian chuig Búcairist, sa Rómáin. Tá daltaí na hidirbhliana i Meánscoil Gharman tar éis tacaíocht a thabhairt don charthanacht 'The Street Children Of Bucharest' le roinnt blianta anuas. Caithfear €800 a bhailiú chun dul ar an turas. Tá an charthanacht tar éis ionad lae a chur ar fáil i gcomhair páistí bochta sa chathair. Nuair a bhíomar ann, bhí go leor rudaí ar siúl againn mar shampla, na páistí a ghléasadh gach maidin agus gruaig a dhéanamh, súgradh leo, cabhrú leis an ealaín agus iad a ullmhú chun dul abhaile. Chomh maith leis sin rinneamar péinteáil ar an mballa le haghaidh na páistí gach lá agus fad is a bhí sé sin ar siúl d'imigh triúir timpeall na cathrach agus amuigh faoin tuath chun tithe na bpáistí a fheiceáil, bhí sé an-bhrónach coinníollacha na dtithe a fheiceáil. Ag an deireadh seachtaine chuamar go dtí na Sléibhte Cairp agus Caisleán Dracula. Bhain gach duine taitneamh as agus ba bhreá linn go léir dul ar ais arís. *le Róisín de Rúit*

Chuaigh an Dara Bliain go dtí Londain ar an gcéad lá de mhí na Bealtaine. Chuamar go dtí áiteanna éagsúla timpeall na Cathrach Móire. Bhí radhairc ghleoite, ghalánta le feiceáil i ngach áit. Chonaiceamar Ben Mór agus Súil Londain. Thaistealaíomar ar an "Underground" Méarchóras Iompair Phoilí Faoin Talamh. Thugamar cuairt ar an gceanncheathrú TFL. Ba é an píosa ba shuimiúla faoin turas i mo thuairim. Chuamar go dtí dhá iarsmalann éagsúla agus dánlann amháin. Chuaigh cúigear go dtí iarsmalann eolaíochta freisin toisc nach raibh fonn siopadóireachta orthu. Chuamar go dtí Doinsíúin Londain, deirtear gurb é an áit is scanrúla i Londain! Bhaineamar an-taithneamh as.

Chuamar go dtí an ceoldráma Matilda freisin, bhí ceol, aisteoireacht agus maisíocht den chéad scoth ann! I mo thuairim féin bhain mé an-sult as Matilda agus Doinsíúin Londain. Thaistealaíomar thar oíche ag teacht abhaile. Bhí éirí na gréine dochreidte nuair a shroich sé cúig a chlog. Nuair a bhí Ros Láir le feiceáil ag bun na spéire, dúirt mé na focail seo liom féin. "Ochón mo bhrón caithfidh mé filleadh abhaile ach i ndeireadh na dála níl aon tinteán mar mo thinteán féin!" *le Robbie Mac Giolla Dé*

Junk Kouture

I mbliana, ghlac an Idirbhliain páirt sa chomórtas Junk Kouture. Chuamar isteach i ngrúpaí agus chruthaíomar éadaí athchursáilte. Ar an gcéad lá de mhí Feabhra, bhí seó faisean againn sa Riverside. Bhí trí dhuais ar fáil - fíis is fearr, rogha na ndaltaí agus rogha na moltóirí. D'éirigh le 'Eyes Queen' an duais den fhíis is fearr a bhuanach, bhuaigh 'Fairy Tale Bride' rogha na ndaltaí agus ba é 'The Button Thief' a bhuaigh rogha na moltóirí. Le linn mhí Feabhra, tháinig Banc na hÉireann chun na scoile. D'inis siad dúinn go raibh ticéad airgid buaite ag grúpa éigin chun dul ar aghaidh go dtí an Craobh Réigiúnach sa Helix. B'iad Ruadhán Maher, Áine Sinnott agus Marc Bolton-Lee a bhuaigh, lena gculaith, The Button Thief. Fuaireamar amach níos déanaí gur éirigh le gúna Abbie Kennedy, Cian O'Connor, Dean Rossiter agus Luke Redmond dul ar aghaidh chomh maith! 'The Pharos of Them All' ab ainm dó. Bhí 1,100 iontráil curtha isteach agus d'éirigh le dhá ghrúpa ónár scoil dul ar aghaidh. Bhí sár-am againn ag an gCraobh Réigiúnacha agus d'éirigh le The Button Thief dul ar aghaidh chuig an gCraobh Náisiúnta sa 3Arena! Bhí 80 culaith agus gúna ó scoileanna timpeall na tíre san iomaíocht ann agus bheadh ár vótaí ag teastáil uathu. Roghnaíodh na buaiteoirí trí mheascán de scóranna na moltóirí agus vótaí an phobail. Níor éirigh le Marc, Ruadhán agus Áine an comórtas iomlán a bhuanach, ach bhí sár-am acu, agus ag gach duine sa bhliain a ghlac páirt sa chomórtas. *le Liam O Lionáin*



Spórt



Bhí dhá chluiche ag foireann cispheile na gCailíní i mbliana. Bhí tús maith acu sa dá chluiche ach faraor níor bhuaigh siad aon cheann acu. Rinne siad an-chuid traenála i mbliana agus beidh siad réidh don chomórtas go luath an bhliain seo chugainn. Ghlac buachaillí ón gcéad agus an dara bliain páirt i gcomórtas cispheile an chontae freisin. D'imir siad ceithre chluiche. Faraor ní raibh an bua againn in aon cheann acu. D'imir an chéad bhliain go hiontach i ngach cluiche agus ní raibh ach scór nó dhó eatarthu. Chaill

siad cluiche amháin sa tríú babhta d'am breise! Caithfear moladh a thabhairt do Chonaill Dubhlainne, an scórálaí is fearr a bhí againn i mbliana. Bhí orainn gach cluiche a imirt as baile. Tá súil againn go dtiocfaidh feabhas mór orainn agus halla spórt nua againn. Is beag an dul chun cinn a rinneamar sa lúthchleasaíocht i mbliana. Ba é Robert Ronan captaen na foirne tras tíre. Bhí rás maith aige agus ag Ciaran Marlow ag an gcomórtas Rith Tras Tíre ar chúrsa iontach deacair agus i ndrochairsir. Roimhe sin tháinig Anna Caomhánach sa 6ú háit i gcrabobh an chontae. Bhuaigh Sophie McCabe an léim fhada agus an 200m freisin. Freisin bhuaigh Sophie an léim fhada sa chomórtas Oir-Dheisceart agus tá sí ag dul ar aghaidh go dtí Craobh Laighean agus ansin Craobh na hÉireann le Cúnamh Dé.



Comhghairdeas le Ciara Ní Bhroin. bhain sí amach an marc is airde sa tír sa scrúdú DELF. (diplóma Fraincise). Beidh sí ag bualadh le hAmbasadóir na Fraince an tseachtain seo chugainn. bravo Ciara!



Ar an 15 Márta 2016, léadh Forógra na Saoirse agus ardaíodh Bratach na hÉireann i ngach meánscoil timpeall na tíre chun Éirí Amach 1916 a chomóradh.

Thosaigh an céiliúradh anseo i Meánscoil Gharman ag meánlae. Bhailligh daltaí na scoile lasmuigh den fhoirgneamh ar lá álainn grianmhar. Thug an príomhoide óráid faoin scoil, na himeachtaí a tharla i 1916 agus an tábhacht a bhaineann leo céad bliain níos déanaí. Tar éis na hóráide, chualamar amhráin thraidisiúnta ó ghrúpa ceoil agus óráid eile faoi Inis Córthaidh agus an Éirí Amach. Scríobh daltaí ón gceathrú agus an cúigiú bliain amhrán as Gaeilge agus as Béarla darb ainm, "?" Bhí Jo Ní Mhurchú, Cameron de Bhuitléar agus Fionn Griffin ag canadh agus ag seinm le Alex Walton ar na drumáí. Ansin tharla an eachtra ba thábhachtaí-

Léigh Bill Walsh Forógra na Saoirse amach as Gaeilge. Chun deireadh a chur leis an ócáid, ardaíodh Bratach na hÉireann agus chan an scoil iomlán Amhrán na bhFiann chun onóir a thabhairt do na daoine a chailleadh le linn Éirí Amach 1916 agus an tír iontach a bunaíodh de bharr a gcuid íobairtí. *Fionn Mac Siúrdáin*



Páirc Oidhreachta

Chaith lucht na chéad bhliana lá den scoth sa Pháirc Oidhreachta i Loch Garman i Mí na Bealtaine. Bhain siad triail as tochair agus bhain gach duine an taithneamh as an eispéireas



Tá muid an-sásta a fhógairt go mbeidh Sadhbh Ní Laigheanáin sa 3ú bliain mar "Eil Explorer" an bhliain seo chugainn.

Chuir sí iarratas isteach chun 3 mhí a chaitheamh sa Fhrainc. Beidh sí ag freastal ar scoil agus ag fanacht le teaghlach francach, saor in aisce.

Níor roghnaíodh ach beirt in Éirinn don bhliain seo chugainn. Is soléir gur chuir Sadhbh an-chuid iarrachta isteach leis an iarratas agus leis an agallamh. Comhghairdeas léi.